2024/2171

21.8.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2171 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Lúnasa 2024

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhí dobharshaothraithe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Tá fógra tugtha ag na Stáit Aontaithe don Choimisiún faoi ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stát Florida, ráig a deimhníodh an 5 Lúnasa 2024 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Tar éis na ráige sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, bhunaigh údarás tréidliachta na Stát Aontaithe crios srianta 10 km ar a laghad timpeall ar an mbunaíocht a bhí buailte agus chuir sé beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus na bearta atá glactha acu chun leathadh an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráige sin a tharla le déanaí i stát Florida.

(8) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sa chrios srianta arna bhunú ag údarás tréidliachta na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ón gcrios srianta sin i stát Florida a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(9) Ina theannta sin, sholáthair na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe don Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach táirgí áirithe san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Bhain an fhaisnéis nuashonraithe sin leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le naoi ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Iowa (1), Massachusetts (1), Michigan (1), Minnesota (5) agus New Mexico (1), ráigeanna a deimhníodh le hanailís saotharlainne (RT-PCR) idir an 7 Márta 2023 agus an 31 Bealtaine 2024.

(10) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na naoi ráig sin. Go sonrach, tar éis na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag na Stáit Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme ar a gcríoch.

(11) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir na Stáit Aontaithe isteach, agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha aige nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí áirithe san Aontas ó na criosanna lena mbaineann sa tríú tír sin a chur ar fionraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna lena mbaineann sna Stáit Aontaithe óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, ba cheart é a athúdarú.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach sna Stáit Aontaithe.

(13) Thairis sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2028 ón gCoimisiún ([4]) leasaíodh an tábla a leagtar amach i gCuid 1, Roinn B d'Iarscríbhinn V agus an tábla a leagtar amach i gCuid 1, Roinn B, d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, trí 'dhátaí oscailte' a thabhairt isteach le haghaidh na 18 gcrios a bhí iata roimhe sin sna Stáit Aontaithe. Mar sin féin, braitheadh earráidí san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2028 a mhéid a bhaineann leis na 'dátaí deiridh' i gcolún 6 de na táblaí sin le haghaidh na 18 gcrios sin. Ina theannta sin, braitheadh earráidí san Iarscríbhinn sin, a mhéid a bhaineann leis na 'dátaí oscailte' i gcolún 7 de na táblaí sin le haghaidh chriosanna US-2.634 agus US-2.635. Dá bhrí sin, is iomchuí na dátaí sin a cheartú. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a cheartú dá réir.

(14) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar thrádáil a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2028 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2024 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas (IO L, 2024/2028, 23.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2028/oj).

(15) Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag ceartú na n-earráidí sna dátaí deiridh le haghaidh na 18 gcrios sna Stáit Aontaithe agus ag ceartú na n-earráidí sna dátaí oscailte le haghaidh chriosanna US-2.634 agus US-2.635 i gCuid 1, Roinn B d'Iarscríbhinn V agus Cuid 1, Roinn B d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2028.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le Cuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartúcháin ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Ceartaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le Cuid II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 2, áfach, ón 24 Iúil 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Lúnasa 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID I

LEASUITHE AR RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, i Roinn B, leasaítear an iontráil a bhaineann leis na Stát Aontaithe mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.631:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.631	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		7.3.2024	4.8.2024’

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.642:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.642	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		15.4.2024	22.7.2024’

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.644:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.644	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		24.4.2024	1.8.2024’

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.652, US-2.653 agus US-2.654:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.652	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.5.2024	21.7.2024
	US-2.653		N, P1		21.5.2024	28.7.2024
	US-2.654		N, P1		21.5.2024	21.7.2024’

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.656:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.656	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		28.5.2024	20.7.2024’

(vi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.658 agus US-2.659:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.658	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		29.5.2024	1.8.2024
	US-2.659		N, P1		31.5.2024	1.8.2024’

(vii) cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios US-2.676 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.675:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.676	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		5.8.2024’	

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios US-2.676 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.675:

‘na Stáit Aontaithe	US-2.676	State of Florida Miami-Dade 07 Miami-Dade County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 80.4918672°W 25.7164962°N)’

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, i Roinn B, leasaítear an iontráil a bhaineann leis na Stát Aontaithe mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.631:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.631	POU, RAT	N, P1		7.3.2024	4.8.2024
		GBM	P1		7.3.2024	4.8.2024’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.642:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.642	POU, RAT	N, P1		15.4.2024	22.7.2024
		GBM	P1		15.4.2024	22.7.2024’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.644:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.644	POU, RAT	N, P1		24.4.2024	1.8.2024
		GBM	P1		24.4.2024	1.8.2024’

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.652, US-2.653 agus US-2.654:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.652	POU, RAT	N, P1		21.5.2024	21.7.2024
		GBM	P1		21.5.2024	21.7.2024
	US-2.653	POU, RAT	N, P1		21.5.2024	28.7.2024
		GBM	P1		21.5.2024	28.7.2024
	US-2.654	POU, RAT	N, P1		21.5.2024	21.7.2024
		GBM	P1		21.5.2024	21.7.2024’

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.656:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.656	POU, RAT	N, P1		28.5.2024	20.7.2024
		GBM	P1		28.5.2024	20.7.2024’

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.658 agus US-2.659:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.658	POU, RAT	N, P1		29.5.2024	1.8.2024
		GBM	P1		29.5.2024	1.8.2024
	US-2.659	POU, RAT	N, P1		31.5.2024	1.8.2024
		GBM	P1		31.5.2024	1.8.2024’

(g) cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chrios US-2.676 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.675:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.676	POU, RAT	N, P1		5.8.2024	
		GBM	P1		5.8.2024’	

CUID II

CEARTÚCHÁIN AR RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/404

(1) in Iarscríbhinn V, i gCuid 1, Roinn B, leasaítear an iontráil a bhaineann leis na Stát Aontaithe mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.575:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.575	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		13.12.2023	3.7.2024’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.581:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.581	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		13.12.2023	30.6.2024’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.586:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.586	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		19.12.2023	3.7.2024’

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.594, US-2.595 agus US-2.596:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.594	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		20.12.2023	30.6.2024
	US-2.595		N, P1		20.12.2023	30.6.2024
	US-2.596		N, P1		26.12.2023	30.6.2024’

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.608:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.608	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.1.2024	30.6.2024’

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.610:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.610	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.1.2024	30.6.2024’

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.612:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.612	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		4.1.2024	3.7.2024’

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.617:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.617	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		18.1.2024	30.6.2024’

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.633 agus US-2.636:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.633	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.4.2024	29.6.2024
	US-2.634		N, P1		2.4.2024	17.7.2024
	US-2.635		N, P1		10.4.2024	29.6.2024
	US-2.636		N, P1		11.4.2024	27.6.2024’

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.639 agus US-2.640:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.639	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		16.4.2024	29.6.2024
	US-2.640		N, P1		17.4.2024	18.7.2024’

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.646:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.646	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		2.5.2024	14.7.2024’

(l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.651:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.651	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.5.2024	5.7.2024’

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, i Roinn B, ceartaítear an iontráil a bhaineann leis na Stát Aontaithe mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.575:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.575	POU, RAT	N, P1		13.12.2023	3.7.2024
		GBM	P1		13.12.2023	3.7.2024’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.581:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.581	POU, RAT	N, P1		13.12.2023	30.6.2024
		GBM	P1		13.12.2023	30.6.2024’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.586:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.586	POU, RAT	N, P1		19.12.2023	3.7.2024
		GBM	P1		19.12.2023	3.7.2024’

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.594, US-2.595 agus US-2.596:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.594	POU, RAT	N, P1		20.12.2023	30.6.2024
		GBM	P1		20.12.2023	30.6.2024
	US-2.595	POU, RAT	N, P1		20.12.2023	30.6.2024
		GBM	P1		20.12.2023	30.6.2024
	US-2.596	POU, RAT	N, P1		26.12.2023	30.6.2024
		GBM	P1		26.12.2023	30.6.2024’

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.608:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.608	POU, RAT	N, P1		3.1.2024	30.6.2024
		GBM	P1		3.1.2024	30.6.2024’

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.610:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.610	POU, RAT	N, P1		3.1.2024	30.6.2024
		GBM	P1		3.1.2024	30.6.2024’

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.612:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.612	POU, RAT	N, P1		4.1.2024	3.7.2024
		GBM	P1		4.1.2024	3.7.2024’

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.617:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.617	POU, RAT	N, P1		18.1.2024	30.6.2024
		GBM	P1		18.1.2024	30.6.2024’

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.633 go US-2.636:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.633	POU, RAT	N, P1		3.4.2024	29.6.2024
		GBM	P1		3.4.2024	29.6.2024
	US-2.634	POU, RAT	N, P1		2.4.2024	17.7.2024
		GBM	P1		2.4.2024	17.7.2024
	US-2.635	POU, RAT	N, P1		10.4.2024	29.6.2024
		GBM	P1		10.4.2024	29.6.2024
	US-2.636	POU, RAT	N, P1		11.4.2024	27.6.2024
		GBM	P1		11.4.2024	27.6.2024’

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.639 agus US-2.640:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.639	POU, RAT	N, P1		16.4.2024	29.6.2024
		GBM	P1		16.4.2024	29.6.2024
	US-2.640	POU, RAT	N, P1		17.4.2024	18.7.2024
		GBM	P1		17.4.2024	18.7.2024’

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.646:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.646	POU, RAT	N, P1		2.5.2024	14.7.2024
		GBM	P1		2.5.2024	14.7.2024’

(l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.651:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.651	POU, RAT	N, P1		21.5.2024	5.7.2024
		GBM	P1		21.5.2024	5.7.2024’.